Preaseisiúint FRA
Vín, 6 Meitheamh 2018

Ní mór cearta bunúsacha dhaoine scothaosta a chosaint ar bhealach níos fearr

Measann beagnach 60% de dhaoine san Eoraip go bhfuil daoine scothaosta faoi mhíbhuntáiste agus iad ag lorg oibre. Is minic a bhíonn tuairimí i sochaithe gur ualaí iad daoine scothaosta. Déanaimid neamhaird rómhinic de chearta bunúsacha daonna na ndaoine scothaosta sa tsochaí. I mbliana, déanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) ina Thuarascáil 2018 iniúchadh ar chur chuige bunaithe ar chearta maidir le meas do dhaoine scothaosta, rud nach raibh ann roimhe.

"*Níl cearta bunúsacha do dhaoine óga amháin. Cosnaítear gach duine leo, beag beann ar aois an duine,*" a deir Stiúrthóir FRA Michael O'Flaherty. "*Ní mór dúinn níos mó a dhéanamh chun daoine scothaosta inár bpobail a chosaint. Tá sé thar am gealltanais pholaitiúla a aistriú ina ngníomhartha inláimhsithe. Ní mór dúinn cearta sibhialta, polaitíochta, sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha na ndaoine scothaosta a chur chun cinn.*"

Dírítear i gcaibidil fócais Thuarascáil um Chearta Bunúsacha na bliana seo ar chóir chomhionann do dhaoine scothaosta agus ar mheas i dtaca lena gcearta bunúsacha. Aithnítear inti freisin feasacht atá ag dul i méid ar an tsaincheist agus an chaoi a bhfuil beartais ag athrú chun aird níos fearr a thabhairt ar a gcearta. Mar sin féin, moltar inti gan cur chuige 'tomhas amháin a oireann do chách' a leanúint mar go bhféadfadh na bacainní atá roimh mhná, mionlaigh eitneacha agus daoine faoi mhíchumas a neartú de réir mar a théann siad in aois. Tugtar rabhadh inti freisin faoi na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag daoine óga níos déanaí ina saolta mura bhfuil oideachas maith acu agus nach féidir leo poist a aimsiú.

Cuirtear béim inti ar an ngá atá le cosaint a leathnú i gcoinne idirdhealaithe ar bhonn aoise trí ghlacadh le Treoir um Chóir Chomhionann an Aontais Eorpaigh, rud a leathnaíonn cosaint frith-idirdhealaithe thar fhostaíocht chun rochtain ar sheirbhísí, ar thithíocht agus ar chúram sláinte, srl. a chur san áireamh. Moltar inti freisin úsáid níos fearr a bhaint as cistí AE chun cuimsiú agus cóir chomhionann a chur chun cinn do dhaoine scothaosta.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu / Teil: +43 1 580 30 642